1. Cad a rinne tú an coicís seo caite?
Bhí mé ag taisteáil.
Cá ndeachaigh tú?
Chuaigh mé go hÉirinn.
Cad a chonaic tú?
Chonaic mé iarsmalann iontach.

What did you do this past fortnight?
I was travelling.
Where did you go?
I went to Ireland.
What did you see?
I saw a wonderful museum.

2. Ar vótáil thú tríd an post nó ag both vótála?
Vótáil mé tríd an post i mbliana.

Did you vote by mail or at the polling booth?
I voted by mail this year.

3. An raibh tú ag obair leis an rialtas nó leis an rialtas áitiúil riamh?
Bhí. Bhí mé ag obair leis an gComhairle Cathrach.

Did you ever work with the government or local government?
Yes. I worked with the City Council.

Amhrán na Mara (Úna Levy) — Song of the Sea

1.	Agus Ben ag iarraidh fáil amach cá bhfuil siad, cloiseann siad gnúsacht sa dorchadas.	While Ben tries to find out where they are, they hear a grunt in the darkness.
2.	Téann siad i bhfolach ar eagla gur Macha agus a hulchabháin atá ann.	The hide for fear that Macha and her owls are there.
3.	Gnúsacht eile. Níos cóngaraí... Ansin, léimeann meall mór de chlúmh bán agus liath amach as na crainn.	Another grunt. Closer… Then, a big ball of white and grey fur jumps out from the trees.
4.	Cú atá ann. Bánn Cú na páistí faoi líocha áthais a bhaineann cigilt agus gáire astu.	It's Cu. Cu drenches the children with happy licks that tickle them and set them to laughing.
5.	Ansin buaileann smaoineamh Ben. Má bhí Cú ábalta iad a aimsiú, thiocfadh leis iad a thabhairt abhaile!	Then an idea occurs to Ben. If Cu was able to find them, he could take them home.
6.	Ceanglaíonn Ben an iall leis arís.	Ben ties the leash to him again.
7.	Léimeann an madra mór amach as an choill scáfar agus déanann sé ar an bhaile.	The big dog jumps out of the scary wood and makes towards home.
8.	Agus iad ag taisteal tugann Ben faoi deara go bhfuil Saoirse ag éirí tinn.	As they are travelling, Ben notices that Saoirse is getting sick.
9.	Tá dath bán ag teacht ar a cuid gruaige.	Her hair is turning white.
10.	Níos measa, tosaíonn sé ag cur báistí.	Worse, it begins raining.
11.	Feiceann siad tobar naofa, ach tá an cosán chuige clúdaithe le neantóga.	They see a holy well, but the path to it is covered with nettles.
12.	Tógann Ben Saoirse ar a dhroim tríd na neantóga, ag sceamhaíl le pian a fhad is atá siad á dhó.	Ben takes Saoirse on his back through the nettles, yelping with pain as long as they are burning him.
13.	Sroicheann siad foscadh an tobair naofa.	They reach the shelter of the holy well.
14.	Scrúdaíonn Ben a chosa gortaithe.	Ben examines his injured feet.

15.	Téann Saoirse amach is faigheann sí copóga chun cuidiú le dónna Bhen.	Saoirse goes out and she finds leaves to help with Ben's burns.
16.	Éisteann Ben leis an fhearthainn agus seinneann Saoirse ar an sliogán.	Ben listens to the rain and Saoirse plays on the shell.
17.	Tugann sí faoi deara go bhfuil na drithleoga á treorú isteach sa tobar, síos i ndorchadas an uisce.	She notices that the sparks are guiding her into the well, down into the darkness of the water.
18.	Tuigeann sí go gcaithfidh sí iad a leanstan ach nach dtig le Ben teacht léi.	She understands that she has to follow them but that Ben can't come with her.
19.	Tugann sí an sliogán do Bhen, ritheann sí is tumann isteach san uisce.	She gives the shell to Ben. She runs and dives into the water.
20.	Tosaíonn Cú ag tafann. Tagann scaoll ar Bhean.	Cu begins barking. Ben panics.
21.	Caithfidh sé dul i ndiaidh a dheirféar, ach tá eagla air roimh an uisce.	He has to go after his sister, but he's afraid of the water.
22.	Socraíonn Cú cúrsaí don bheirt acu.	Cu settles matters for both of them.
23.	Tumann an madra isteach san uisce ag tarraingt an ghasúir bhoicht ina dhiaidh.	The dog dives into the water pulling the poor boy after him.
24.	Agus Ben ag dul faoin uisce, briseann an iall agus tagann sé aníos arís in abhainn faoi thalamh.	As Ben goes under the water, the leash breaks and he comes up again in an underground river.
25.	Ar feadh na mbruach tá lonnaíocht ársa tréigthe.	Along the bank there is an old abandoned settlement.
26.	Tarraingíonn sé é féin isteach i seanbhád is cúlaíonn ón uisce.	He pulls himself into an old boat and pulls back from the water.
27.	Tá Ben scanraithe agus ina aonar gan a mhadra ná a dheirfiúr bheag.	Ben is scared and alone without his dog or his little sister.
28.	Go dólásach, cuireann sé an sliogán ársa lena chluas is éisteann le monabhar a mháthar i gcéin.	Dolorously, he puts the ancient shell to his ear and listens to the murmuring of his mother far away.

	Ceisteanna	**Questions**
1.	Cad a chloiseann Ben agus Saoirse sa choill?	What do Ben and Saoirse hear in the woods?
2.	Cén smaoineamh atá ag Ben chun a bhealach abhaile a aimsiú?	What idea does Ben have to find his way home?
3.	Cad a thugann Ben faoi deara agus iad ag taisteal?	What does Ben notice as they are travelling?
4.	Cad a tharlaíonn le gruaig Shaoirse?	What happens to Saoirse's hair?
5.	Cad atá cearr leis an gcosán don tobar naofa?	What is wrong with the path to the holy well?
6.	Cad a dhéanann Ben le Saoirse?	What does Ben do with Saoirse?
7.	Cad a tharlaíonn do Bhen ar an mbealach go dtí an tobar?	What happens to Ben on the way to the well?
8.	Cad a dhéanann na drithleoga le Saoirse?	What do the sparks do with Saoirse?
9.	Cad a dhéanann Saoirse leis an sliogán?	What does Saoirse do with the shell?
10.	Cén fáth go dtosaíonn Cú ag tafann?	Why does Cu start barking?
11.	Cá bhfuil Ben tar éis dó teacht aníos as an uisce?	Where is Ben after coming up from the water?
12.	Cad atá a bhruach na habhainn?	What is on the banks of the river?
13.	Cad a chloiseann Ben sa sliogán?	What does Ben hear in the shell?